Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Feabhra 2024
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2024/0025(NLE)**

**6128/24**
**ADD 1**

**AELE 6**
**EEE 2**
**N 7**
**ISL 3**
**FL 4**
**MI 113**
**INDEF 9**
**BUDGET 8**
**MAP 2**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 2 Feabhra 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 46 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil le leasú ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse<br>(EDIRPA) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 46 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 46 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.2.2024
COM(2024) 46 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil le leasú ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse**

**(EDIRPA)**

## IARSCRÍBHINN

## DRÉACHTCHINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE

**Uimh. […]**

**an […]**

**lena leasaítear Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagail 86 agus 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is iomchuí comhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE a leathnú chun Rialachán (AE) 2023/2418 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le hionstraim a bhunú chun tionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí sholáthar comhoibríoch (EDIRPA)[1] a chumhdach.

(2) Maidir le rannpháirtíocht Stáit CSTE sna gníomhaíochtaí atá mar thoradh ar Rialachán (AE) 2023/2418, is iomchuí go gcuirfear an rannpháirtíocht sin ar bun ón 27 Deireadh Fómhair 2023, gan beann ar an tráth a ghlacfar an Cinneadh seo nó ar cé acu a thugtar nó nach dtugtar fógra faoi chomhlíonadh na gceanglas bunreachtúil le haghaidh an Chinnidh seo, más ann dóibh, tar éis an 10 Iúil 2023.

(3) Eintitis arna mbunú i Stáit CSTE, ba cheart iad a bheith i dteideal páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a gcuirfear tús leo roimh theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Na costais a thabhaítear i leith na ngníomhaíochtaí sin, a gcuirfear tús lena gcur chun feidhme tar éis an 27 Deireadh Fómhair 2023, féadfar a mheas go bhfuil siad incháilithe faoi na coinníollacha céanna is infheidhme maidir leis na costais a thabhaíonn eintitis arna mbunú i mBallstáit an Aontais, ar choinníoll go dtiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm roimh dheireadh na gníomhaíochta lena mbaineann. Tá feidhm freisin ag an gclásal maidir le gníomhaíochtaí atá incháilithe go haisghníomhach atá in Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2023/2418.

(4) I gComhaontú LEE agus go háirithe in Airteagal 81 de, leagtar amach na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Stáit CSTE agus rannpháirtíocht a n-institiúidí, a ngnóthas, a n-eagraíochtaí agus a náisiúnach i gcláir an Aontais Eorpaigh.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú chun go mbeidh an comhar leathnaithe sin ann ón 27 Deireadh Fómhair 2023,

[1] IO L, 2023/2418, 26.10.2023.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear na míreanna seo a leanas isteach i ndiaidh mhír 14 d’Airteagal 7 de Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE:

‘15. **32023 R 2418**: Rialachán (AE) 2023/2418 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hionstraim a bhunú chun tionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí sholáthar comhoibríoch (EDIRPA) (IO L, 2023/2418, 26.10.2023).

Beidh Stáit CSTE, amhail ón 27 Deireadh Fómhair 2023, rannpháirteach i ngníomhaíochtaí an Aontais a bhaineann leis na línte buiséid seo a leanas, arna n-iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh:

- Líne bhuiséid 13 01 04: ‘Caiteachas tacaíochta le haghaidh ionstraime Gearrthéarmaí um sholáthar comhchoiteann in earnáil na Cosanta’.

- Líne bhuiséid 13 06 01: ‘Ionstraim Ghearrthéarmach um sholáthar comhchoiteann in earnáil na Cosanta’.

Na costais a thabhaítear i leith na ngníomhaíochtaí a gcuirtear tús lena gcur chun feidhme tar éis an 27 Deireadh Fómhair 2023 nó, i gcás go gcomhlíontar na coinníollacha faoi mhír 3 d’Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2023/2418, tar éis an 24 Feabhra 2022**,** is féidir a mheas gur costais iad atá incháilithe amhail ó dháta tosaigh na gníomhaíochta a shocraítear sa chomhaontú deontais nó sna cinntí deontais lena mbaineann, faoi na coinníollacha a leagtar síos ann, ar choinníoll go dtiocfaidh Cinneadh ó Chomhchoiste LEE [an Cinneadh seo] i bhfeidhm roimh dheireadh na gníomhaíochta.

Díolmhófar an Íoslainn agus Lichtinstéin ó bheith rannpháirteach san Ionstraim seo agus ón ranníocaíocht airgeadais a bhaineann leis.’

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis an fhógra dheireanaigh faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE.[2]

Beidh feidhm aige ón 27 Deireadh Fómhair 2023.

*Airteagal 3*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

[2] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]

*Rúnaithe*
*Chomhchoiste LEE*

**Dearbhú ó Stáit CSTE**

**a ghabhann le Cinneadh Uimh. [an Cinneadh seo] lena leasaítear Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE chun comhar na bPáirtithe Conarthacha a leathnú chun rannpháirtíocht Stáit CSTE san Ionstraim arna mbunú le Rialachán (AE) 2023/2418 a chumhdach.**

Leis an gCinneadh seo leathnaítear comhar na bPáirtithe Conarthacha chun rannpháirtíocht Stáit CSTE san Ionstraim arna mbunú le Rialachán (AE) 2023/2418 a chumhdach. Measann Stáit CSTE go dtagann cúrsaí cosanta lasmuigh de raon feidhme Chomhaontú LEE, agus dá bhrí sin, le glacadh an Chinnidh seo, ní leathnaítear raon feidhme Chomhaontú LEE chun cúrsaí cosanta lasmuigh de rannpháirtíocht san Ionstraim arna mbunú leis an ngníomh réamhluaite a chumhdach. Cuireann Stáit CSTE i dtábhacht freisin nach mbeidh an Íoslainn ná Lichtinstéin rannpháirteach san Ionstraim arna mbunú leis na gníomhartha réamhluaite ná nach ndéanfaidh siad ranníocaíochtaí ina leith.